2025/852

5.5.2025

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/852ÓN gCOMHAIRLE

**an 14 Aibreán 2025**

**lena n-údaraítear an tSlóvaic beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a) agus Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 395(1), an chéad fhomhír, de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE, rialaítear ceart na ndaoine inchánacha an cháin bhreisluacha (CBL) a ghearrtar ar sholáthairtí earraí agus seirbhísí a úsáideann siad chun críocha a n-idirbheart cáinmhuirearaithe a asbhaint. Tá ceanglas in Airteagal 26(1), pointe (a), den Treoir sin, cuntas a thabhairt ar CBL nuair a úsáidtear sócmhainn ghnó chun críoch príobháideach daoine inchánacha nó a bhfoirne nó, ar bhonn níos ginearálta, chun críoch eile seachas críocha a ngnó.

(2) Le litir a cláraíodh leis an gCoimisiún an 5 Samhain 2024, d'iarr an tSlóvaic údarú ón gCoimisiún i gcomhréir le h Airteagal 395(2), an chéad fhomhír, de Threoir 2006/112/CE chun beart speisialta a thabhairt isteach de mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), agus ar Airteagail 168 agus 168a den Treoir sin chun teorainn 50 % a chur leis an gceart chun CBL a asbhaint ar chaiteachas a bhaineann le feithiclí áirithe nach n-úsáidtear go hiomlán chun críoch gnó, agus gan caitheamh le húsáid na bhfeithiclí sin a áirítear i sócmhainní gnó duine inchánach chun críoch neamhghnó mar sholáthar seirbhísí ar chomaoin, i gcás ina raibh an fheithicil sin faoi réir teorannú den sórt sin ('an beart speisialta').

(3) Cumhdaítear leis an mbeart speisialta a iarradh feithiclí, nach n-úsáidtear go hiomlán chun críoch gnó, is iad sin mótarfheithiclí i gcatagóir $M_1$, mar a shonraítear i Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), agus gluaisrothair i gcatagóirí L1e agus L3e, mar a shonraítear i Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Na feithiclí sin a cheannach, a fháil laistigh den Chomhphobal, a allmhairiú agus a léasú, sin iad na hidirbhearta a chumhdaítear. Áirítear leis an teorannú ar an gceart chun CBL a asbhaint caiteachas ar pháirteanna spártha, gabhálais, seirbhísí agus breoslú atá beartaithe do na feithiclí sin.

(4) Ba cheart feithiclí áirithe a eisiamh ó raon feidhme an bhirt speisialta ós rud é, mar gheall ar an gcineál gnó ar lena aghaidh a n-úsáidtear iad, go meastar gur diomaibhseach aon úsáid nach úsáid ghnó í. Dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith ag an mbeart speisialta maidir le mótarfheithiclí nó gluaisrothair a cheannaítear lena n-athdhíol, lena bhfruiliú nó lena léasú nó a úsáidtear chun paisinéirí a iompar ar chomaoin, lena n-áirítear seirbhísí tacsaí, chun ceachtanna tiomána a sholáthar, chun críoch tástála nó mar athsholáthar ar fheithiclí a bhfuil oibreacha á ndéanamh orthu.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 395(2), an dara fomhír, de Threoir 2006/112/CE, tharchuir an Coimisiún an iarraidh a rinne an tSlóvaic chuig na Ballstáit eile le litir dar dáta an 29 Samhain 2024. Le litir dar dáta an 2 Nollaig 2024, thug an Coimisiún fógra don tSlóvaic go raibh an fhaisnéis uile is gá aige chun measúnú a dhéanamh ar an iarraidh.

([1]) IO L 347, 11.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/112/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/168/oj).

(6) Chuir an tSlóvaic míniú leis an iarraidh ar na cúiseanna leis an gcéatadán don teorannú ar an gceart chun CBL a asbhaint a shocrú ag 50 %. Chun na críche sin, d'úsáid an tSlóvaic sonraí a fuarthas ó ghníomhaíochtaí rialaithe agus ó iniúchtaí, mar aon le suirbhé a rinneadh le gnólachtaí. De réir na Slóvaice, mar thoradh ar an anailís ar na sonraí sin, socraíodh an céatadán ag 50 % mar athróg ionadach chruinn ar dháileadh úsáid na bhfeithiclí a bhfuil an beart speisialta beartaithe dóibh, is é sin an dáileadh idir críocha príobháideacha agus críocha gnó.

(7) Áitíonn an tSlóvaic go mbeidh tionchar dearfach ag an mbeart speisialta maidir leis an ualach riaracháin ar cháiníocóirí agus údaráis chánach trí bhailiú CBL a shimpliú agus imghabháil cánach trí thaifid mhíchearta a choimeád a chosc. Ar na cúiseanna sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí an tSlóvaic a údarú chun an beart speisialta a chur i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2028.

(8) Ba cheart an beart speisialta a theorannú don am is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht agus ar oiriúnacht an teorannaithe céatadáin arna chur i bhfeidhm.

(9) Tá an beart speisialta comhréireach leis na cuspóirí atá á saothrú, is iad sin an nós imeachta um bailiú CBL a shimpliú agus cineálacha áirithe imghabhála cánach nó seachanta cánach a chosc, ós rud é go bhfuil sé teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de. Ina theannta sin, ní fhágann an beart speisialta go mbeidh riosca ann go n-aistreofaí calaois chuig earnálacha eile nó chuig Ballstáit eile.

(10) I gcás ina measfaidh an tSlóvaic go mbeidh gá le síneadh a chur leis an mbeart speisialta tar éis an 30 Meitheamh 2028, ba cheart di iarraidh ar shíneadh den sórt sin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meán Fómhair 2027. Ba cheart tuarascáil maidir le cur i bhfeidhm an bhirt speisialta a bheith ag gabháil leis an tuarascáil sin, ina mbeidh athbhreithniú ar an teorannú céatadáin arna chur i bhfeidhm.

(11) De réir na faisnéise a sholáthair an tSlóvaic, ní bheidh ach éifeacht dhiomaibhseach ag an mbeart speisialta ar mhéid foriomlán an ioncaim cánach a bhailíonn an tSlóvaic ag céim an tomhaltais deiridh, agus ní bheidh aon drochthionchar aige ar acmhainní dílse an Aontais a fhabhraítear ó CBL,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. De mhaolú ar Airteagail 168 agus 168a de Threoir 2006/112/CE, údaraítear Poblacht na Slóvaice teorainn 50 % a chur leis an gceart cáin bhreisluacha (CBL) ar chaiteachas ar na catagóirí feithiclí seo a leanas, nach n-úsáidtear go hiomlán chun críoch gnó, a asbhaint:

(a) mótarfheithiclí i gcatagóir $M_1$, mar a shonraítear in Airteagal 4(1), pointe (a)(i), de Rialachán (AE) 2018/858;

(b) gluaisrothair i gcatagóir L1e, mar a shonraítear in Airteagal 4(2), pointe (a), de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013;

(c) gluaisrothair i gcatagóir L3e, mar a shonraítear in Airteagal 4(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 168/2013.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir le feithiclí a úsáidtear nó a cheannaítear le haghaidh na nithe seo a leanas:

(a) athdhíol, fruiliú nó léasú;

(b) paisinéirí a iompar ar chomaoin, lena n-áirítear seirbhísí tacsaí;

(c) ceachtanna tiomána a sholáthar;

(d) críocha tástála;

(e) mar athsholáthar ar fheithiclí a bhfuil oibreacha á ndéanamh orthu.

*Airteagal 2*

De mhaolú ar Airteagal 26(1), pointe (a), de Threoir 2006/112/CE, maidir le feithicil dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus a áirítear i sócmhainní gnó duine inchánaigh, údaraítear an tSlóvaic gan caitheamh le húsáid feithicle den sórt sin chun críoch neamhghnó mar sholáthar seirbhísí ar chomaoin, i gcás ina raibh an fheithicil sin faoi réir teorannú a údaraítear faoi Airteagal 1 den Chinneadh seo.

*Airteagal 3*

Cumhdóidh an caiteachas dá dtagraítear in Airteagal 1 gach ceann díobh seo a leanas:

(a) na feithiclí dá dtagraítear in Airteagal 1(1), a cheannach, a léasú, a fháil laistigh den Chomhphobal agus a allmhairiú;

(b) caiteachas ar sholáthairtí earraí nó seirbhísí a dhéantar i ndáil leis na feithiclí sin dá dtagraítear in Airteagal 1(1) agus lena n-úsáid, lena n-áirítear breosla a cheannach.

*Airteagal 4*

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an dáta a thabharfar fógra faoi.

2. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2028.

3. Aon iarraidh ar shíneadh a chur leis an údarú dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin í faoin 30 Meán Fómhair 2027 agus beidh tuarascáil ag gabháil léi ina mbeidh athbhreithniú ar an gcéatadán a leagtar amach in Airteagal 1.

*Airteagal 5*

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Slóvaice.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 14 Aibreán 2025.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. KALLAS